

SMITHSONIAN
CENTER FOR
FOLKLIFE
& CULTURAL
HERITAGE



**LÁMHLEABHAR
AR LÉIRIÚ FÍSE**



Chruthaigh Kristin Dowell an lámhleabhar seo do Cheardlanna Físe do Dhaoine Óga de chuid Dhúchasaigh Mheiriceá Oklahoma. Reáchtáladh na ceardlanna faoin Oklahoma Language Digitization and Access Project, NSF-NEH Documenting Endangered Languages grant #0651992 a bronnadh ar Mary S. Linn, Sam Noble Oklahoma Museum of Natural History, in 2007. I measc na dteagascóirí bhí Kristin Dowell, Racquel-María Sapién, Michael McCarty, Mary Linn, Olivia Sammons, agus Brooke Shackelford, a chuir feabhas ar an lámhleabhar trí úsáid a bhaint as.

Tugadh an lámhleabhar chun dáta in 2021 mar chuid den Language Vitality Initiative sa Smithsonian Center for Folklife and Cultural Heritage le cistí ó Ferring Pharmaceuticals. Ba í Cecelia Halle a dhear an lámhleabhar. Fuarthas comhairle ó Charlie Weber maidir le hábhar léirithe físe agus grianghraif roghnaithe. Is le caoinchead an Center for Folklife and Cultural Heritage atá na grianghraif ar fad againn.

Molaimid an lámhleabhar seo a úsáid agus a aistriú. Téigh i dteagmháil leis an Center for Folklife and Cultural Heritage ag folklife@si.edu chun teimpléad agus eolas ar chreidiúnú a fháil.

Aistritheoir: Máirín Ní Mhárta

- 4** SCÉALAÍOCHT FHÍSIÚIL
- 5** PLEANÁIL RÉAMHLÉIRITHE
- 7** COMHDHÉANAMH
- 9** RIALÚ ÍOMHÁNNA
- 11** FUAIM
- 13** SOILSIÚ
- 17** ROIMH AGALLAMH
- 19** AGALLAIMH
- 21** FOIRM CHEADA FÍSE SHAMPLACH
- 22** NÓTAÍ

CLÁR NA nÁBHAR



SCÉALAÍOCHT FHÍSIÚIL

Is foirm chumhachtach den scéalaíocht fhísiúil é an léiriú físe. Is féidir leat do scéalta féin a insint, ó do dhearcthaí féin, ag baint úsáide as do stíl scannánaíochta féin. Tá sé mar aidhm agat scéal a chur in iúl trí mhodhanna físiúla.

Cuirfear léargas ginearálta teicniúil agus cúnamh ar fáil sa lámhleabhar seo ionas go mbeidh tú in ann teicneolaíocht na meán a úsáid chun do scéalta féin a léiriú agus a chur i láthair. Is féidir na meáin a úsáid chun teangacha Dúchasacha a chaomhnú, stair saoil seanóirí a thaifeadadh, ceisteanna sóisialta a fhiosrú, nó do chuid eispéireas féin a chur i láthair.

Níl teorainn ar bith leis an méid is féidir a dhéanamh!

PLEANÁIL RÉAMHLÉIRITHE

Sula dtosaíonn tú ar an léiriú (físeán a dhéanamh), is cuidiú é do thogra a eagrú ionas go mbeidh a fhios agat cé na seatanna a theastóidh uait, cé a bheidh le cur faoi agallamh agat, chomh maith leis na himeachtaí nó na gníomhaíochtaí a bheidh le taifeadadh agat. Sábhálfaidh tú am le linn an léirithe féin, agus le linn an phróisis iarléirithe (eagarthóireacht), má chaitheann tú roinnt ama le réamhléiriú, nó ag céim na pleanála.

Snáithe an scéil

CÉARD: Céard é an plota nó an príomhscéal a theastaíonn uait a insint?

Imeachtaí/Gníomh

CÉN ÁIT/CÉN UAIR: Céard iad na gníomhaíochtaí nó na himeachtaí a chaithfidh tú a chur san áireamh i d'fhíseán? Cén chaoi a gcuirfidh an gníomh seo le do scéal? Cén t-eolas a inseoidh sé don lucht féachana faoi na daoine atá san fhíseán?

Ábhair

CÉ: Cé hiad na daoine a bheidh san fhíseán? Cén fáth a bhfuil siad tábhachtach don scéal?

Téama/Teachtairacht

CÉN FÁTH: Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an scéal seo a insint? Céard a fhoghlaimoidh an lucht féachana ó bheith ag breathnú ar an bhfíseán seo? Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach duitse, mar scannánóir, an scéal ar leith seo a insint?

B-Rolla

Áirítear le B-rolla seatanna a bheidh ort a úsáid sa seomra eagarthóireachta chun na gearrthacha a dhéanann tú i d'agallamh a chlúdach. Tugtar seatanna scoite ar an B-rolla freisin. I measc samplaí de b-rolla tá seatanna bunaidh, íomhánna a tógadh de rudaí sa timpeallacht inar tharla an t-agallamh, seatanna den duine i mbun gníomhaíochtaí, grianghraif, nó comharthaí.

Go ginearálta, cuidíonn an b-rolla leis an lucht féachana tuiscint a fháil ar an suíomh ina bhfuil gníomh ar siúl nó tugann sé eolas breise faoin duine atá faoi agallamh. Nuair atá tú ag scannánú, beidh tú ag iarraidh a chinntiú go bhfaighidh tú seatanna b-rolla tar éis duit d'agallamh a dhéanamh.

Roinnt Téarmaí Úsáideacha

Scéalchlár

Is léiriú físiúil é an scéalchlár de na seatanna a bheidh i d'fhíseán. Is féidir sceitse a dhéanamh de na daoine agus an gníomh i d'fhíseán agus na huillinneacha ceamara a úsáidfidh tú do gach ceann acu.

Liosta Seatanna


Leagtar amach sa liosta seatanna gach seat a cheapann tú a bheidh uait le haghaidh do léiriúcháin. Is féidir é seo a úsáid mar sheicliosta agus tú i mbun léirithe chun a chinntiú go bhfaighidh tú na seatanna ar fad a theastaíonn uait don togra. Mar shampla:

1. Seatanna bunaidh
2. Seatanna gar-amhairc de lámha agus cosa
3. Seatanna leathana den rang damhsa
4. Seat meánfhada den teagascóir ag múineadh rang damhsa do dhaoine fásta
5. Seat beirte de na daltaí ag damhsa
6. Agallamh leis an teagascóir damhsa

COMHDHÉANAMH

Frámú

Baineann frámú leis an gcaoi a chumfaidh tú gach seat, ag cur san áireamh na daoine agus na gníomhaíochtaí laistigh den radharc. Beidh tú ag iarraidh gach seat a chumadh ionas go dtarraingeoidh tú aird an lucht féachana agus go gcruthóidh tú fráma gníomhach le haghaidh ábhar d'fhíse.



Spás Cloiginn

Ba chóir go mbeadh cloigne daoine suite thart ar an tríú cuid den bhealach síos an fráma agus ar chlé nó ar dheis den lár. Seachain an iomarca nó easpa spáis cloiginn.




Riail na dTrianta

Chun aird an lucht féachana a tharraingt, roinn an scáileán ina eangach agus bain úsáid as “riail na dtrianta,” cuir an rud nó an duine inspéise beagán amach ó lár an fhráma.



Easpa spás cloiginn



Spás cloiginn maith

Spás Sróin

Smaoinigh ar fhéachaint an duine atá á scannánú agat. Teastaíonn níos mó spáis uait os comhair an duine ná ar a gcúl, ionas go mbeidh spás acu chun idirghníomhú leis na daoine nó leis an timpeallacht os a gcomhair.

Trasnánach nó Z-Ais

Cuardaigh línte atá trasnánach seachas línte cothrománacha nó ingearacha. Smaoinigh ar an z-ais mar an ais a théann “isteach” sa seat, nó doimhneacht an tseat. Bíonn na línte ar an z-ais dinimiciúil agus cuireann siad níos mó fuinnimh agus frámú suimiúil ar fáil ar an scáileán.



Airde an Cheamara

Is féidir le hairde agus uillinn an cheamara tionchar mór a bheith acu ar thuairim an lucht féachana faoin duine ar an scáileán. Má tá an ceamara thuas ard agus dírithe anuas ar an duine, tá sé in ann beag a dhéanamh de dhuine; má bhreathnaíonn uillinn an cheamara suas ar an duine ar an scáileán, is féidir leis a thabhairt le fios go bhfuil go leor cumhachta ag an duine.



Ceamara ag leibhéal na súl

Seatanna Éagsúla Ceamara

Déan iarracht roinnt seatanna ceamara éagsúla a úsáid i d'fhíseán ionas go dtabharfaidh tú uillinneacha agus seatanna ceamara éagsúla duit féin le bheith ag obair leo sa seomra eagarthóireachta. Feicfidh tú go mbeidh seatanna éagsúla oiriúnach ag brath ar an gcomhthéacs ina bhfuil tú ag scannánú.




— Seat gar-amhairc



Seat Leathan —



— Seat Meánfhada



Seat Bunaidh —

RIALÚ ÍOMHÁNNA

Gluaiseachtaí Ceamara

Peanáil

Gluaiseann an ceamara ó chlé go deas nó ó dheas go clé chun an gníomh a leanúint ar an scáileán. Tá sé seo úsáideach chun imeachtaí nó gníomhaíocht laistigh de radharc a chur in iúl. Coinnigh an cnaipe ar chosa an cheamara scaoilte chun an ceamara a bhogadh go mín.

Claonadh

Gluaiseann an ceamara suas agus síos chun gníomh a nochtadh laistigh den fhráma.

Fócas

Tá fócas tábhachtach chun íomhánna soiléire a fháil. Nuair atá sé i mód uathoibríoch, déanfaidh an ceamara an fócasú duit. I mód láimhe, rialaíonn tusa an fócas. Tugann sé seo níos mó smachta duit ar chaighdeán na híomhá. Chun a chinntiú go bhfanann íomhánna i bhfócas le linn na scannánaíochta, zúmáil an lionsa isteach ar fad i dtosach agus fócasaigh an ceamara. (Tá sé ina chuidiú rud éigin a bhfuil litreacha air a úsáid. Zúmáil an bealach ar fad isteach agus cinntigh go bhfuil na litreacha i bhfócas.) Ansin zúmáil an lionsa amach. Ba chóir go bhfanfadh an ceamara i bhfócas nuair a leanann tú ort ag scannánú.

Zúmáil

Gluaiseann an lionsa isteach agus amach chun zúmáil níos gaire do dhaoine, do rudaí nó do ghníomh nó níos faide amach uathu. Nuair atá tú ag zúmáil, tosaigh le seat socair agus coinneigh an seat sin ar feadh cúpla soicind. Ansin zúmáil isteach nó amach de réir a chéile agus críochnaigh ar sheat socair. Coinnigh an seat sin ar feadh cúpla soicind. Tabharfaidh sé seo roinnt píosaí scannánaíochta breise duit agus tú ag eagarthóireacht.

Rabhadh! Ná bain an iomarca úsáide as an zúmáil. Is féidir leat an ceamara a bhogadh go fisiciúil freisin chun go mbeidh sé níos gaire don duine agus/nó don rud atá á scannánú agat.

Obair Cheamara Láimhe

Nuair atá tú ag taifeadadh agus an ceamara i do lámh agat, fág an ceamara san uillinn is leithne is féidir chun seatanna níos socra a fháil. Má zúmáilann tú isteach agus an ceamara i do lámh, beidh an íomhá corrach. Tá rogha le haghaidh seat socair ar go leor ceamaraí agus ba chóir í a úsáid nuair a bhíonn tú ag taifeadadh agus an ceamara i do lámh. Feicfidh tú deilbhín láimhe ar an scáileán LCD nuair atá an rogha do sheat socair casta air.

LEIDEANNA MAIDIR LE SCANNÁNÚ

Tá roinnt rudaí is féidir leat a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh íomhánna ar ardchaighdeán agat i gcónaí:

Rialuithe láimhe

Is féidir le do cheamara é féin a shocrú do gach rud i mód uathoibríoch, ach dá mhéad is féidir leat na híomhánna a rialú de láimh, is amhlaidh is fearr a bhreathnóidh do chuid íomhánna.

Cosa an cheamara

Úsáid cosa an cheamara i gcónaí más féidir leat é mar go mbeidh seatanna níos socra agat dá bharr. Tá sé seo fíor go háirithe le haghaidh agallamh.

Micreafóin sheachtracha

Úsáid iad pé deis atá agat mar go bhfaighidh tú fuaim níos fearr uathu.

Leibhéal Bán

Feabhsaíonn sé seo go mór an íomhá i d'fhíseán.

Seatanna fada

Cabhróidh seatanna deasa, fada agus socra go mór le do chuid eagarthóireachta.

Rabhadh!
Seachain na seatanna seo

Seat Leicinn

Leacaíonn sé seo an fráma agus cuireann sé isteach ar an lucht féachana gan ach ceann amháin de shúile an duine a fheiceáil ar an scáileán.

Seat Rítheann

Is minic a mhothaíonn an fráma seo róphearsanta agus nochtann sé go leor eolais mhothúcháinach, mar sin ba chóir é a úsáid go spárálach.

FUAIM

Is féidir le fuaim mhaith an-slacht a chur ar fhíseán. Cúpla rud le cuimhneamh orthu:

Faigh foinse mhaith fuaime

Agus tú ag scannánú, beidh ort freagairt d'fhuaimíocht an spáis ina bhfuil tú. Déan measúnú ar an suíomh ó thaobh fuaime de sula dtosóidh tú ag scannánú. Má tá torann suntasach mórthimpeall, cuidíonn sé go minic cuisneoirí, scáilleáin ríomhairí, teilifíseáin, etc a mhúchadh. Chuige sin, ná bíodh ceol le cloisteáil sa chúlra riamh agus agallamh á thairfeadh agat! Beidh sé deacair é a chur in eagar.

Cluasáin

Caith cluasáin i gcónaí agus déan monatóireacht ar fhuaim ón gceamara. Bí seasmhach faoi leibhéil taifeadta. Má theastaíonn comhartha níos láidre uait, is fearr i bhfad dul níos gaire do do fhoinsé ná socrú an leibhéil a mhéadú, ach déan monatóireacht chúramach ar d'fhuaim i gcónaí. Ba chóir go mbeadh leibhéil fuaime an cheamara in aice leis an lár ach nach mbeadh barraí dearga le feiceáil.


Micreafóin Sheachtracha

Bí cinnte go ndéanfaidh tú measúnú ar an socrú micreafóin is fearr do do riachtanais scannánaíochta. Cuir an micreafón gar do d'fhoinsé fuaime, agus cinntigh go bhfuil do mhicreafóin casta air.

Cuir do Mhicreafóin Gar do d'Fhoinsé Fuaime

Feabhsaíonn sé seo go mór an caighdeán fuaime i d'fhíseán.

Tá sé deacair drochfhuaim a dheisiú san iar-léiriú, mar sin is í an treoir ghinearálta is fearr ná an fhuaim is fearr is féidir a fháil ar an láthair!



Micreafóin Sheachtracha

Mionléargas

Nuair is féidir, bain úsáid as micreafóin sheachtracha i gcónaí. Go ginearálta, tá breiseán amháin ag ceamaraí le haghaidh maidhc seachtrach. Ní thairfeadh an micreafón ar an gceamara féin fuaim an-mhaith. Tabharfaidh an maidhc seachtrach caighdeán fuaime níos fearr duit. Tá rogha de thrí mhicreafóin sheachtracha ann.

Micreafón Lavalier (le sreang)

Baintear úsáid as an micreafón seo go príomha le haghaidh agallaimh duine aonair. Greamaítear an micreafón sreinge seo le cába duine nó áit éigin gar dá muineál, agus nascfaidh sé go díreach leis an gceamara ionas go ndéanfar pé duine a bheidh faoi agallamh agat a cheangal den cheamara trí chorda an mhicreafóin. (Coinnigh é seo ar intinn agus an ceamara á úsáid agat ar chosa!)

Cluasáin

Caith cluasáin i gcónaí chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfuaim. Is féidir leat na leibhéil taifeadta fuaime sa cheamara a shocrú trí:

1. Brúigh an roghchlár agus scrollaigh go dtí an Recording Setup
2. Scrollaigh go dtí Mic Level agus socraigh na leibhéil leis na saigheadeochracha in aice leis an gcnaipe roghchláir
3. Feicfidh tú leibhéil fuaime ar an scáilleán agus nuair a fheiceann tú an iomarca barraí dearga ansin tá a fhios agat go bhfuil na leibhéil fuaime ró-ard

Micreafón Gan Sreang

Tá dhá chomhpháirt leis an micreafón seo: an tarchuradóir agus an glacadóir. Beidh an glacadóir i seilbh an scannánaóra (greamaithe do do chuid éadaí nó suite ar bharr an cheamara). Beidh an tarchuradóir á chaitheamh ag an té atá á scannánú. Is micreafón den scoth é seo le húsáid i gcásanna ina bhfuil gá le soghluaisteacht (e.g., má tá tú ag leanúint duine atá i mbun gníomhaíochta.)

Cian-Mhicreafón

Bíonn an micreafón seo suite ar bharr an cheamara agus tá sé iontach le haghaidh ceamaradóireacht láimhe agus is féidir leis oibriú go maith freisin d'agallaimh ar an toirt le "duine ar an tsráid". Tá raon caol aige, mar sin déan cinnte go bhfuil sé réasúnta gar do d'ábhar agus dírithe air.

SOILSIÚ

Soilsiú Lasmuigh

Má tá sé ródhorcha duit d'agallamh a dhéanamh taobh istigh, smaoinigh ar an agallamh a shocrú suas taobh amuigh. Cuireann solas nádúrtha cuma iontach ar rudaí, agus is féidir le hagallamh taobh amuigh eolas a chur in iúl freisin faoin timpeallacht agus spás ina bhfuil an t-agallamh ar siúl. Má roghnaíonn tú agallamh a dhéanamh taobh amuigh, déan cinnte nach dtarraingíonn an cúlra aird ón té atá faoi agallamh.



Má tá an solas rógheal, is féidir leat an t-inteachán a shocrú de láimh chun an nochtadh a rialú. Dún síos an t-inteachán nuair atá an solas an-gheal.



Cúlsolas

Má tá tú ag scannánú d'agallaimh in aice le fuinneog, d'fhéadfadh d'ábhar a bheith cúlsoilsithe. Ciallaíonn sé seo go bhfuil solas ar chúl an duine, ach nach bhfuil dóthain solais ar a n-éadan, agus bíonn an n-éadan faoi scáth dá bharr. Tá gné cúitimh cúlsoilais ar an gceamara is féidir a úsáid nuair atá an ceamara i mód uathoibríoch.

Bealach eile chun é seo a chúiteamh ná solas breise a chur ar éadan an duine. Is féidir leat lampa a thabhairt anall nó píosa bán cairtchláir a úsáid chun solas a phreabadh ón bhfuinneog ar éadan an duine chun an solas ar a n-éadan a líonadh.

Neartúchán

Méadóidh an fheidhm neartúcháin ar an gceamara na leibhéil solais go digiteach nuair a bhíonn tú ag scannánú i gcásanna nach mbíonn mórán solais ann.


Bí cúramach! Beidh cuma ghráinneach ar an íomhá má úsáideann tú an iomarca neartúcháin.

Is féidir leat an neartúchán a rialú tríd an inteachán a shocrú de láimh agus é a oscailt an bealach ar fad.

Soilsiú Trí Phointe

Príomhsholas

Is é seo do phríomhfhoinsé solais agus ba chóir go mbeadh an solas is láidre uaidh. Ba chóir é a chur ag uillinn de thart ar 30 go 45 céim leis an duine atá ina suí le haghaidh an agallaimh. Dá ghaire an príomhsholas don duine, is ea is lú scáthanna a bheidh ar an n-éadan.



Úsáidtear é chun na scáthanna géara a chruthaíonn an príomhsholas a mhaolú, ba cheart go mbeadh an solas líonta níos laige ná an príomhsholas agus é suite os comhair na háite ina bhfuil an príomhsholas suite.

Tá an cúlsolas deartha chun cúl cinn an duine atá faoi agallamh a lasadh chun iad a scaradh ón gcúlra. Cuir an solas seo ar chúl agus ar leataobh an duine atá faoi agallamh chun a gcloigeann a lasadh, rud a scarfaidh iad ón gcúlra. Is í seo an fhoinsé solais is laige de na foinsí solais.

Leibhéal Bán

Tá teochtaí difriúla datha ag cineálacha éagsúla solais. Is nós le solas taobh istigh a bheith oráiste, agus de ghnáth bíonn dathanna níos goirme ar sholas amuigh faoin aer. Tá sé tábhachtach an leibhéal bán a fháil ar do cheamara sula dtosaíonn tú ag scannánú. Is éard atá i gceist le leibhéal bán go bunúsach ná go bhfuil tú ag rá le do cheamara “gurb é seo an dath bán” sa solas seo. Oibreoidh an ceamara an leibhéal bán amach as féin nuair atá sé i mód uathoibríoch.

Chun an íomhá is fearr is féidir a fháil, ba cheart duit an leibhéal bán a shocrú de lámh. Chun é sin a dhéanamh, socraigh do choinníollacha soilsithe ar dtús. Brúigh an cnaipe Camera Function, ansin bain úsáid as an bhfáinne ar thaobh tosaigh an cheamara agus scrollaigh síos go dtí leibhéal bán. Brúigh Camera Function arís agus bain úsáid as an bhfáinne chun bogadh trí na deilbhíní éagsúla go dtí go bhfeiceann tú an deilbhín le haghaidh leibhéal bán de lámh. Coinnigh an cárta leibhéal bán nó an páipéar bán crochta in airde agus zúmáil isteach an bealach ar fad go dtí nach mbíonn le feiceáil ar an scáileán ach an dath bán. Brúigh agus coinnigh síos an cnaipe Camera Function ar feadh soicind amháin. Rachaidh an scáileán dubh agus ansin tiocfaidh an íomhá ar ais agus beidh leibhéal bán bainte amach.

Gan leibhéal bán a bheith bainte amach, beidh an dath as riocht i d’fhíseán.

Nochtadh

Déileálann nochtadh leis an méid solais a ligtear isteach sa cheamara. Má tá an íomhá fonochta, beidh d’íomhá ródhorcha; má tá sí rónochta, beidh sí rógheal. I mód uathoibríoch, socróidh do cheamara an nochtadh duit. I mód láimhe, rialaíonn tú an nochtadh leis an bhfeidhm inteacháin. Is féidir leat an fheidhm stríoca séabra a úsáid chun do leibhéal nocht a thomhas. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm agat roinnt stríoca séabra a fheiceáil, ach níl tú ag iarraidh iad a fheiceáil ar fud an scáileáin nó sin beidh d’fhíseán ró-nochta agus rógheal.



Bíonn cuma thréigthe ar íomhánna rónochta



Gan leibhéal bán, bíonn cuma oráiste ar íomhánna taobh istigh



Mura bhfuil soilse gairmiúla ar fáil, is féidir leat leas a bhaint as an solas/na soilse timpeall ort agus tú ag cur an duine a bheidh agallamh ina suí chun an méid solais agus is féidir a fháil. Mar shampla, is féidir leat lampaí boird nó lampaí urláir a úsáid mar do phríomhsholas agus do sholas líonta. Is fearr gan duine a scannánú in aice le fuinneog, ach d’fhéadfá solas na fuinneoige a úsáid mar chúlsolas nó solas líonta má tá lampa láidir urláir nó lampa láidir boird agat le húsáid mar phríomhsholas.

Seachain solas fluaraiseach nuair is féidir. Tá dath glas ar shoilse fluaraiseacha agus is féidir leis an torann atá uathu fadhbanna fuaime a chruthú.

ROIMH AGALLAMH

Scabhtáil Suímh

Is éard atá i gceist le scabhtáil suímh ná cuairt a thabhairt ar na háiteanna a bheidh tú ag scannánú sula ndéanann tú iad a thaifeadadh. Agus tú ar an suíomh, féach ar an gcúlra nó ar an suíomh is mian leat a úsáid chun agallaimh a scannánú agus éist le haghaidh aon fhadhbanna fuaime a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa suíomh seo.

Mar shampla, má tá tú ag scannánú in áit inar féidir leat traein a chloisteáil ag dul tharat, ba mhaith leat fios a bheith agat faoi sin roimh an am ionas gur féidir leat a bheith ullamh le linn na scannánaíochta. Sa chás seo, tar éis d'agallamh a bheith scannánaithe, beidh tú ag iarraidh seatanna b-rolla a fháil den traein ag dul tharat. Is féidir leat an seat seo a úsáid chun a insint don lucht féachana cá as a bhfuil an fhuaim seo ag teacht.

Prótacail Chultúrtha

D'fhéadfadh go mbeadh prótacail chultúrtha áirithe ann nach mór duit a chomhlíonadh agus tú ag scannánú do do thogra. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach sáiste nó féar cumhra a thabhairt chuig Seanóir Treibhe atá á scannánú agat. B'fhéidir go bhfuil ábhair áirithe ann ar chóir iad a sheachaint le linn agallaimh. B'fhéidir go bhfuil paidir ba chóir a rá roimh scannánú. Is smaoineamh maith é dul i gcomhairle le do theaghlach agus/nó ceannairí pobail faoi aon phrótacail chultúrtha a chaithfidh tú a leanúint sula dtosaíonn tú ar do thogra físe a scannánú.

Go ginearálta, is smaoineamh maith é cineál éigin bia agus/nó dí a chur ar fáil do na daoine a bheidh á scannánú agat. Cuimhnigh i gcónaí buíochas a ghabháil leis na daoine atá páirteach i do thogra físe mar gur fial an rud é go bhfuil siad ag tabhairt a gcuid ama agus eolais.

Foirmeacha Ceada

Ba chóir do dhaoine i d'fhíseán foirm cheada (nó thoilithe) a shíniú. Tugann sé seo a gcead a bheith páirteach sa togra físe. Mar scannánóir, ba cheart a chinntiú go bhfuil gach duine i d'fhíseán sásta a bheith páirteach sa togra agus go dtuigeann siad cén chaoi a n-úsáidfidh tú a n-íomhá agus a bhfocail. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh foirm cheada sínithe agat ó gach duine. Mar sin féin, má tá tú ag obair le daoine aonair atá míchompordach ag síniú foirmeacha, is féidir leat próiseas toilithe ó bhéal a úsáid freisin. Níl ort ach taifeadadh a dhéanamh ar an duine ar an gceamara agus iad ag tabhairt ceada a bheith san fhíseán agus a bheith páirteach.

I gcúl an lámhleabhair, tá foirm shamplach is féidir leat a úsáid mar threoir chun d'fhoirmeacha ceada féin a chruthú.

Ullmhúcháin Bhreise

Cuir aithne ar an té a bheidh faoi agallamh sula gcuirfidh tú agallamh orthu; cuideoidh sé sin le sruth an chomhrá agus le cumadh do chuid ceisteanna. Smaoinigh ar iarraidh ar duine a bheidh faoi agallamh gan dathanna áirithe a chaitheamh. Is féidir le léinte atá dearg, bán, dubh, nó le stríoca fadhbanna a chruthú ó thaobh chaighdeán na híomhá.

B'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh freisin ar cibé acu an bhfuil tú ag iarraidh go mbeidís gléasta go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil (d'fhéadfadh an duine ceist a chur ort faoi seo).

Fág neart ama **i gcónaí** ag tús agallaimh chun rudaí a shocrú suas. Tógfaidh sé níos faide ná mar a bheidh tú ga súil leis!

Ábhar Machnaimh agus Agallaimh á dTaifeadadh

1. Scríobh liosta ceisteanna
2. Déan cleachtadh ar agallamh a dhéanamh agus ar éisteacht le freagraí
3. Déan athbhreithniú ar do rogha suímh
4. Ullmhaigh do threalamh le haghaidh scannánú agus taistil
5. Tóg am chun d'ábhar a ullmhú
6. Smaoinigh ar fhrámú agus ar chúlra
7. Déan monatóireacht i gcónaí ar fhadhbanna teicniúla

Ceisteanna Agallaimh

Cruthaigh liosta ceisteanna agallaimh roimh an agallamh féin. É sin ráite, bí solúbtha agus oscailte san agallamh chun ceisteanna breise nach bhfuil ar an liosta a chur.

Agus tú ag scríobh ceisteanna, cuimhnigh go bhfaigheann ceisteanna tu-airisciúla (céard, cén fáth, cén chaoi, cé) freagraí níos fearr ná ceisteanna sea/ní hea.

Cuir clabhsúr leis an agallamh **i gcónaí** trí iarraidh ar an té atá faoi agallamh ar mhaith leo rud ar bith eile a rá. Uaireanta is féidir leis an "gceist ardán cainte" seo eolas tábhachtach a fhuascailt.

AG TAIFEADADH AGALLAMH

Sula dTosóidh Tú

Bí ann luath agus tabhair am breise duit féin chun rudaí a shocrú suas.

Cuir fáilte roimh an duine a bheidh faoi agallamh, siúil tríd an suíomh, agus déan cinneadh faoi cá háit a shocróidh tú suas an t-agallamh.

Seachain cúlraí atá gnóthach nó a tharraingeoidh an iomarca airde, agus smaoinigh ar fhrámú agus ar dhoimhneacht an tseat.

Laghdaigh torann cúlra oiread agus is féidir, agus ná bíodh ceol le cloisteáil riamh sa chúlra.

Cuir an duine a bheidh faoi agallamh ar a suaimhneas le comhrá nádúrtha. Tugann sé seo deis do dhaoine a bheith níos suaimhní agus iad ag caint leatsa agus os comhair ceamara.



Ag Tosú Amach

Déan iarracht foirm cheada sínithe a fháil roimh ré, ach faigh “cead ó bhéal” ar an gceamara i gcónaí.

Bí cinnte go bhfuil airde an cheamara cothrom le, nó beagán faoi bhun, súile an té atá faoi agallamh. Ná bíodh an ceamara riamh “ag féachaint síos” orthu.

Agus tú ag frámú d’agallaimh, cuir an duine in áit go mbeidh siad ag féachaint de bheagán ar dheis den cheamara nó de bheagán ar chlé den cheamara; cuireann sé isteach ar an lucht féachana má tá an duine ag féachaint go díreach ar an gceamara.

Is féidir leat riail na dtrianta a úsáid chun cabhrú leat an duine a chur ar thaobh na lámhe clé nó ar thaobh na lámhe deise den fhráma.

Bíodh an t-agallóir - nach é an ceamradóir é - ina suí trasna ar fiar ón té atá faoi agallamh, ar thaobh an cheamara ar mian leat go mbreathnódh an té atá faoi agallamh air.

Tabhair treoracha do na rannpháirtithe a chabhróidh leat an t-agallamh a thairfeadh agus a chur in eagar gan stró. Abair leo neamhaird a dhéanamh den cheamara agus de na soilse agus gan féachaint ach ar an agallóir. Fiafraigh díobh ar mhaithe leo uisce sula dtosaíonn tú.

Le Linn an Agallaimh

Smaoinigh ar an agallamh mar chomhrá.

Éist go hairdeallach: tabhair aiseolas neamhbhriathartha agus ó bhéal agus déan iarracht gan cur isteach ar d’agallaí. Má bhíonn tost fada ann, lig dó agus ná déan aon deifir é a líonadh ar an bpointe boise. Is minic a líonfaidh an duine féin an tost sin agus d’fhéadfadh sé tús a chur le hábhar difriúil.

Déan agallamh don eagarthóireacht: bí cinnte go gclúdóidh tú gach rud a raibh tú ag siúil leis san agallamh.

Ba chóir go bhfanadh an fhuaim mhórthimpeall, agus an cúlra físiúil, gan athrú ar mhaithe le heagarthóireacht.


Má thagann fadhbanna teicniúla chun cinn, ná bíodh eagla ort cur isteach ar an agallamh chun iad a cheartú.

Tar éis an Agallaimh

I gcónaí gabh BUÍOCHAS ó chroí, nó ar bhealach oiriúnach ó thaobh cultúir, leo siúd a bhí faoi agallamh.

Bí cinnte go bhfaighidh tú do sheatanna b-rolla agus scoite ar fad sula gcríochnóidh tú an tairfeadh.

Fág an suíomh sa riocht céanna nó níos fearr i gcónaí ná mar a fuair tú é.



Foirm Cheada Físe

Tá an togra scannáin “TEIDEAL AN SCANNÁIN” á stiúradh ag [ainm an scannánóra agus/nó eagraíocht phobail]. Is é cuspóir an scannáin seo físeán faisnéise a dhéanamh faoi [sonraigh an t-ábhar/eagraíocht/pobal/daoine].

Tugaimse, _____, cead do [ainmneacha an scannánóra agus/nó na heagraíochta pobail]:

- ___ m’ainm a úsáid
- ___ m’íomhá scannánaithe nó ghrianghrafa, cosúlacht, agus taibhiú
- ___ mo ghuth a úsáid

Aontaím go bhféadfaidh [ainmneacha an scannánóra] an clár a chur in eagar de réir mar is mian leo, agus tugaim leis seo cead neamhchoinníollach do na daoine seo an clár a úsáid, go hiomlán nó go páirteach, le haghaidh craoltóireachta príobháidí agus/nó poiblí, fuaime/físiúil, ar ardáin ghréasáin agus ar na meáin shóisialta, agus/nó chun críocha taispeántais.

Tuigim nach bhfuil aon cheart agam ar an gclár ná ar an smacht ná ar aon tairbhe a thagann as. Scaoilim go sainráite [ainmneacha an scannánóra] ó aon éileamh agus ó gach éileamh a eascraíonn as úsáid an chláir seo.

Aontaím go bhfuil mé os cionn 18 mbliana d’aois agus go bhfuil sé de cheart agam an comhaontú seo a iontráil.

Léiríonn an comhaontú seo tuiscint iomlán na bpáirtithe agus ní ceadmhach é a leasú mura gcomhaontaíonn an dá pháirtí leis sin go frithpháirteach i scríbhinn.

Ainm an rannpháirtí: _____

Síniú an Rannpháirtí: _____

Dáta: _____

Seoladh: _____

Fón/Ríomhphost: _____

PÍOSA BREISE DO MHIONAOISIGH

Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra: _____

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: _____

Dáta: _____

NÓTAÍ

